
An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ



2 Bealtaine 2018

## AN BUISÉAD AGUS AN TAONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA

Gan limistéar euro cobhsaí a bheith ann ní bheidh poist, fás, infheistíocht ná cothroime shóisialta san Aontas seo againne. **Faoi na Conarthaí, is é an euro airgeadra aonair an Aontais Eorpaigh**, agus is cuspóirí de chuid an Aontais ina iomláine iad an cóineasú eacnamaíoch agus an chobhsaíocht. A luaithe a bheidh an Ríocht Aontaithe tarraingthe siar as an Aontas, beidh olltáirgeacht intíre an limistéir euro cothrom le breis agus 85 % d'olltáirgeacht intíre iomlán an Aontais Eorpaigh. Seo an chúis nach mór do na huirlisí lena neartófar an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta bheith ina gcuid de struchtúr airgeadais an Aontais seachas iad a bheith lasmuigh de.

I Nollaig 2017, mar chuid den treochlár maidir le hAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa a dhoimhniú, leag an Coimisiún amach an chaoi a bhféadfaí ionstraimí buiséadacha nua a fhorbairt mar chuid de chóras airgeadais phoiblí an Aontais ar mhaithe leis an gcobhsaíocht agus leis an gcóineasú sa limistéar euro agus sna tíortha sin atá ar a ndícheall ar bhallraíocht a bhaint amach ann. Is dul chun cinn iad na tograí seo ar an bhfís a bhí sa Tuarascáil ó na Cúigear Uachtarán i Meitheamh 2015 agus ar an bPáipéar Machnaimh ón gCoimisiún i mBealtaine 2017, agus is toradh iad ar na gealltanais a thug an tUachtarán Juncker ina Aitheasc ar Staid an Aontais 2017.

Tá dhá ionstraim nua sna tograí a ghabhann leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil nua: **Clár Tacaíochta um Athchóiriú** agus **Sásra Eorpach Cobhsaíochta Infheistíochtaí**.

Leis an dá ionstraim nua sin, tabharfar tacaíocht don chóineasú eacnamaíoch agus sóisialta agus don chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch trí **athchóirithe a chur chun cinn** a chothóidh an bhuanseasmhacht sna Ballstáit agus trí **na leibhéil infheistíochta a chothabháil** i gcás suaitheadh mór neamhshiméadrach.

Comhlánóidh siad cistí eile de chuid an Aontais, go háirithe Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus an Ciste nua InvestEU a chuireann leis an méid dul chun cinn a rinneadh faoi 'Plean Juncker'. Fágfaidh na hionstraimí nua freisin go **neartófar an nasc idir buiséad an Aontais Eorpaigh agus an Seimeastar Eorpach**, is é sin an creat a úsáidtear chun an beartas eacnamaíoch a chomhordú san Aontas agus sa limistéar euro.

### An buiséad agus an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta

**Creat rialaithe eacnamaíoch an tSeimeastair Eorpaigh**

| TACAÍOCHT UM ATHCHÓIRIÚ | TACAÍOCHT INFHEISTÍOCHTA | COBHSAÍOCHT I GCÁS SUAITHEADH |
|---|---|---|
| **An Clár Tacaíochta um Athchóiriú**<br>Uirlis don Athchóiriú<br>Saoráid um Chóineasú<br>Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil | **Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa**<br><br>**An Ciste InvestEU**<br>a chuireann leis an méid dul chun cinn a rinneadh faoi 'Plean Juncker' | **An Sásra Eorpach Cobhsaíochta Infheistíochtaí** |

## TACAÍOCHT UM ATHCHÓIRIÚ CHUN AN GEILLEAGAR A NUACHÓIRIÚ AGUS AN BHUANSEASMHACHT A NEARTÚ

Is den ríthábhacht athchóirithe struchtúracha a chur i bhfeidhm le go bhféadfar geilleagair na hEorpa a nuachóiriú, an bhuanseasmhacht a fheabhsú agus cóineasú breise a chothú. Beidh buiséad **€25 bhilliún** ar fáil ag an g**Clár Tacaíochta um Athchóiriú** agus cuirfear maoiniú agus tacaíocht theicniúil ar fáil faoin gClár sin chun tabhairt faoi athchóirithe tábhachtacha ar an leibhéal náisiúnta[1]. Seo a bheidh sa Chlár:

- **Uirlis don Athchóiriú** lena gcuirfear maoiniú ar fáil sna Ballstáit go léir le go bhféadfar athchóirithe tábhachtacha a aithníodh sa Seimeastar Eorpach a chur i gcrích. Bainfidh an Uirlis don Athchóiriú leas as an taithí a fuarthas le linn céim phíolótach a tosaíodh i Nollaig 2017.
- **Saoráid um Chóineasú** lena gcuirfear tacaíocht ar leith ar fáil do na Ballstáit sin a bhfuil uathu an euro a thabhairt isteach. Níl aon bhaint ag an tacaíocht seo leis na critéir nach mór a shásamh le ballraíocht a bhaint amach sa limistéar euro ach cabhróidh sí leis an ullmhúchán praiticiúil agus leis an gcóineasú, bunaithe ar phróiseas sonrach tiomantais agus comhpháirtíochta.
- **Tacaíocht theicniúil** shaincheaptha do na Ballstáit, má iarrtar í, chun athchóirithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm. An ghné seo den chlár is dul chun cinn í ar an taithí a fuair an tSeirbhís Tacaíochta um Athchóiriú Stuchtúrach a chuir tacaíocht ar fáil do bhreis agus 440 tionscadal athchóirithe in 24 Bhallstát le blianta beaga anuas.

### CÉIM PHÍOLÓTACH NA HUIRLISE DON ATHCHÓIRIÚ

An 23 Márta 2018, tháinig Uachtarán an Choimisiúin, **Jean-Claude Juncker** agus Príomh-Aire na Portaingéile, **António Costa ar chomhaontú maidir leis an gcéad tionscadal píolótach** a bhaineann leis an uirlis nua don athchóiriú sa chaoi agus go dtabharfaí aghaidh ar an mbearna scileanna atá ann sa Phortaingéil.

Tá an tionscadal seo dírithe ar chóras gairmoideachais agus gairmoiliúna na Portaingéile a fheabhsú go mór, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir le scileanna atá ag sciar mór den fhórsa saothair agus iomaíochas an gheilleagair a fheabhsú.

### AN CHAOI A BHFÉADFAÍ LEAS A BHAINT AS AN UIRLIS DON ATHCHÓIRIÚ

Ar bhonn na ndúshlán a aithníodh sa Seimeastar Eorpach, déanfaidh na Ballstáit athchóirithe a mholadh trína g**Cláir Náisiúnta um Athchóiriú**.

Ina dhiaidh sin, eagrófar **idirphlé struchtúrtha** idir an Coimisiún agus an Ballstát le go bhféadfar **pacáiste de ghealltanais athchóirithe** a shocrú, pacáiste ina mbeidh bearta mionsonraithe, clocha míle maidir lena gcur i bhfeidhm, amchlár maidir lena dtabhairt chun críche agus gnéithe airgeadais.

Tabharfaidh na Ballstáit **tuairisc** ar na bearta sin an t-am céanna a thabharfaidh siad tuairisc ar a gClár Náisiúnta um Athchóiriú agus déanfaidh siad athbhreithniú ar an dul chun cinn ina dtaobh le linn an tSeimeastair Eorpaigh.

## AN CHOBHSAÍOCHT A FHEABHSÚ TRÍ NA LEIBHÉIL INFHEISTÍOCHTA A CHOIMEÁD I GCÁS SUAITHEADH

Tá géarghá le leibhéil infheistíochta ar leor iad le go mbeidh ár ngeilleagair agus ár sochaithe ullamh do na dúshláin atá amach romhainn.

Mar atá feicthe againn le linn géarchéimeanna a thit amach roimhe seo, bíonn seans ann i gcónaí nach leor na sásraí cobhsaíochta náisiúnta atá ann chun suaití maicreacnamaíocha áirithe a sheasamh agus chun nach rachaidh siad i bhfeidhm ar thíortha eile, go háirithe laistigh den limistéar euro, rud a dhéanann dochar go háirithe do na leibhéil infheistíochta agus don fhíorgheilleagar.


Cé gur bhunaigh an limistéar euro – leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach – ionstraim chun cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thíortha atá i gcruachás airgeadais, níl aon uirlis ag an limistéar sin go fóill lena n-éascófaí do gheilleagar teacht aniar a dhéanamh go tapa i gcás suaitheadh agus a chinntiú nach dtarlódh géarchéimeanna díchobhsaitheacha.

[1] Orthu sin, tá athchóirithe sna margaí táirgí agus sna margaí saothair, san oideachas, athchóirithe cánach, athchóirithe i bhforbairt margaí caipitil, athchóirithe chun an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus athchóirithe ar an infheistíocht i gcaipiteal daonna agus ar an riarachán poiblí.

Is é an chaoi a gcuirfear tús leis **an Sásra nua Cobhsaíochta Infheistíochtaí** iasachtaí comhuaineacha **suas le €30 billiún** a thabhairt faoi bhuiséad an Aontais Eorpaigh, mar aon le deontais le haghaidh an úis ar na hiasachtaí sin, d'fhonn na leibhéil infheistíochta a chobhsú sna Ballstáit i gcás ina dtarlódh suaitheadh mór neamhshiméadrach.

Beidh na hiasachtaí ina dtacaíocht bhreise airgeadais tráth a mbíonn brú ar an airgeadas poiblí agus ba cheart iad a dhíriú ar infheistíochtaí tábhachtacha a choimeád ag dul. Tá gné an deontais den sásra tábhactach chun an éifeacht a bheadh ag an suaitheadh a mhaolú agus aisíoc na n-iasachtaí a éascú tráth a mbeidís dlite. D'fhéadfaí na deontais a mhaoiniú as méid áirithe de ranníocaíochtaí Ballstáit an limistéir euro, méid a bheadh cothrom le sciar den ioncam airgeadaíochta (ioncam tiarnais). Is ioncam seachtrach atá sannta do bhuiséad an Aontais Eorpaigh a bheadh sna ranníocaíochtaí sin, agus is corparáid ar leith um meáin airgeadais a bhaileodh an t-ioncam sin.

## Na leibhéil infheistíochta a choimeád i gcás suaitheadh





Mar a beartaíodh i Nollaig 2017, d'fhéadfaí an sásra sin a chomhlánú de réir a chéile le hacmhainní breise maoinithe lasmuigh de bhuiséad AE. D'fhéadfadh ról a bheith, mar shampla, ag an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, ag an gCiste Airgeadaíochta Eorpach nua, agus ag sásra árachais dheonaigh a d'fhéadfadh na Ballstáit a bhunú.

Fágann mionghnéithe na hionstraime nua seo nach mór **díriú go sonrach ar thíortha limistéir an euro** cé go mbeadh an ionstraim **ar fáil freisin do thíortha eile a d'fhéadfadh páirt a ghlacadh ann** ar choinníoll go n-íocfaidís a sciar féin den chostas a bhaineann le maoiniú na hionstraime. D'fhéadfaí an méid sin a eagrú tríd an gcorparáid um meáin airgeadais a bheidh le bunú chun tacú le gné an deontais.

Ós rud é gur sásra a mhaolóidh an suaitheadh a bheidh sa Sásra Eorpach Cobhsaíochta Infheistíochtaí, comhlánóidh sé na hionstraimí atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach. Le go mbeadh éifeacht leis an sásra, áfach, ba cheart go ngníomhachtófaí é go huathoibríoch a luaithe a tharlódh suaitheadh mór neamhshiméadrach, de réir **coinníollacha soiléire incháilitheachta** agus modh tionscanta a bheadh socraithe roimh ré agus i gcomhréir le prionsabail an bheartais fhónta airgeadais agus mhaicreacnamaíoch.

## An Sásra Eorpach Cobhsaíochta Infheistíochtaí




## AN SÁSRA COBHSAÍOCHTA INFHEISTÍOCHTAÍ – GNÉITHE TÁBHACHTACHA

- Difriúil leis na hionstraimí náisiúnta agus Eorpacha eile atá ann.
- Cuireann sé leis an gcobhsaíocht airgeadais agus mhaicreacnamaíoch.
- Ba cheart dó a bheith mór go leor chun cobhsaíocht cheart a chur ar fáil.
- Is féidir é a ghníomhachtú go huathoibríoch agus go tapa de réir paraiméadair réamhshainithe.
- Cuireann sé leis an mbeartas fónta airgeadais agus laghdaíonn sé an baol morálta de réir critéir incháilitheachta agus rochtana réamhshainithe.
- Dírithe go sonrach ar thíortha an limistéir euro ach tá fáil air ag Ballstáit nach bhfuil sa limistéar ar choinníoll go n-íocfaidh siad a sciar féin den chostas a bhaineann lena mhaoiniú de réir an mhodha ríomha ranníocaíochta atá ag an mBanc Ceannais Eorpach.

## CÉARD A THARLA GO DTÍ SEO AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

**22/06 2015**
**Tuarascáil ón gCúigear Uachtarán** maidir le hAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa a chur i gcrích

**21/10 2015**
**Teachtaireacht ón gCoimisiún** maidir le céimeanna chun an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a dhoimhniú

**01/03 2017**
**Páipéar Bán** maidir le Todhchaí na hEorpa

**31/05 2017**
**Páipéar Machnaimh** maidir leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a dhoimhniú

**28/06 2017**
**Páipéar Machnaimh** ar a bhfuil i ndán do bheartas airgeadais an Aontais Eorpaigh

**13/09 2017**
**Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais**

**06/12 2017**
**Treochlár agus tograí AEA**

**15/12 2017**
**Cruinniú Mullaigh Euro**

**23/03 2018**
**Cruinniú Mullaigh Euro**

**02/05 2018**
**Pacáiste maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020**

**31/05 2018**
**Tograí reachtacha earnála maidir le cláir chaiteachais**

**28-29/06 2018**
**An Chomhairle Eorpach**

**12/09 2018**
**Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais**

**18-19/10 2018**
**An Chomhairle Eorpach**

**13-14/12 2018**
**An Chomhairle Eorpach**

**21-22/03 2019**
**An Chomhairle Eorpach**

**09/05 2019**
**Cruinniú Mullaigh Sibiu**

**2025**

Print ISBN 978-92-79-84779-0 doi:10.2775/388450 NA-02-18-466-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-84766-0 doi:10.2775/41629 NA-02-18-466-GA-N